



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2016

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Cuntasaíocht

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phársa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéisí foilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



**State Examinations Commission
Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016

CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

Réitigh Chuntasaíochta agus Scéim Mharcála

1. Cuntas Deiridh Cuideachta Teoranta

80

Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais Bogha Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2015 [1]

Díolacháin			560,900 [4]
Lúide aischur díolachán			<u>4,800</u> [4]
			556,100
<u>Lúide costas díolachán</u>			
Stoc tosaigh		45,600 [4]	
Ceannacháin		<u>225,000</u> [4]	
		270,600	
Stoc deiridh		<u>45,300</u> [4]	
Costas díolachán			<u>225,300</u>
Ollbhrabús			330,800 [4]
Lúide Speansais			
Riarachán [1]			
Stáiseanóireacht	6,800 [6]		
Pá agus tuarastail	127,100 [4]		
Solas, teas agus árachas	24,000 [4]		
Táillí stiúrthóirí	35,300 [4]		
Dímheas			
Foirgnimh	14,400 [4]		
Trealamh oifige	<u>5,300</u> [4]	<u>19,700</u>	212,900
Díol agus Dáileadh [1]			
Fógraíocht	13,500 [6]	<u>13,500</u>	<u>226,400</u>
			104,400
Móide ioncam oibriúcháin			
An tsuim cíosa a fuarthas			14,000 [3]
Laghú i soláthar in aghaidh drochfhiach			<u>1,700</u> [4]
Brabús oibriúcháin			120,100
Lúide ús bintiúir			<u>4,800</u> [6]
Glanbhrabús don bhliain			115,300
Lúide cáin			<u>15,000</u> [3]
			100,300
Móide iarmhéid brabúis agus cailteanais 01/01/2015			<u>22,100</u> [3]
Iarmhéid brabúis agus cailteanais ar 31/12/2015			<u>122,400</u> [2]

Clár Comhardaithe Bogha Teo. mar a bhí ar 31/12/2015 [1]

Sócmhainní Doláimhsithe						
Paitinní					160,000	[2]
Sócmhainní Seasta	Costas		Dímheas		Glanluach de réir na Leabhar	
Foirgnimh	720,000	[2]	100,400	[2]	619,600	[2]
Trealamh oifige	<u>75,000</u>	[2]	<u>27,300</u>	[2]	<u>47,700</u>	[2]
	<u>795,000</u>		<u>127,700</u>		<u>667,300</u>	
					827,300	
Sócmhainní Reatha						
Stoc deiridh	45,300	[2]				
Stoc stáiseanóireachta	<u>700</u>	[2]	46,000			
Féichiúnaithe	62,000	[2]				
Lúide soláthar in aghaidh drochfhiach	<u>3,100</u>	[3]	58,900			
Fógraíocht réamhíoctha			4,500	[1]		
Cíos infhála dlite			<u>2,000</u>	[1]		
			111,400			
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de 1 bhliain						
Creidiúnaithe	48,000	[2]				
CBL	7,200	[2]				
Banc	12,500	[2]				
Ús dlite ar bhintiúr	3,600	[2]				
Cáin chorparáide	<u>15,000</u>	[2]	<u>86,300</u>			
					<u>25,100</u>	
					<u>852,400</u>	
Maoinithe ag						
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain						
Bintiúir 8%					80,000	[2]
Caipiteal agus Cúlchistí	Údaraithe		Eisithe			
Gnáth-scairchaipiteal	<u>1,000,000</u>	[1]	650,000	[1]		
Brabús agus cailteanas 31/12/2015			<u>122,400</u>		<u>772,400</u>	
Caipiteal in Úsáid					<u>852,400</u>	

2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe

[30]

Dr		Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe		Sr			
		€		€			
01/01/2016	Iarmhéid t/a	75,800	[3]	01/01/2016	Iarmhéid t/a	410	[2]
	Díolacháin	93,400	[6]		Lascaine ceadaithe	560	[2]
	Ús gearrtha	100	[2]		Aischiú isteach	310	[2]
	Seiceanna obtha	1,800	[2]		Billí infhaighte	5,840	[1]
31/01/2016	Iarmhéid t/s	450	[2]		Banc	80,300	[2]
					Drochfhiacha díscríofa	750	[2]
					Contra	320	[2]
				31/01/2016	Iarmhéid t/s	83,060	[2]
		<u>171,550</u>				<u>171,550</u>	
01/02/2016	Iarmhéid t/a	83,060		01/02/2016	Iarmhéid t/a	450	

[30]

Dr		Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe		Sr			
		€		€			
01/01/2016	Iarmhéid t/a	240	[2]	01/01/2016	Iarmhéid t/a	43,300	[3]
	Aischiú amach	350	[3]		Ceannacháin	80,700	[6]
	Lascaine faighte	1,320	[2]		Lascaine dícheadaithe	330	[3]
	Billí le híoc	4,450	[2]	31/01/2016	Iarmhéid t/s	630	[2]
	Banc	60,400	[2]				
	Contra	320	[3]				
31/01/2016	Iarmhéid t/s	57,880	[2]				
		<u>124,960</u>				<u>124,960</u>	
01/02/2016	Iarmhéid t/a	630		01/02/2016	Iarmhéid t/a	57,880	

3. Brabús agus Cailteanas Cuideachta

[35]

(a)

Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2015

Glanbhrabús don bhliain			170,000	[2]
Lúide ús			(18,000)	[6]
Lúide cáin			(54,000)	[6]
			98,000	
Lúide Leithghabháil				
Méadú i gcúlchiste ginearálta	23,000	[5]		
Gnáthdhíbhinn	36,000	[5]		
Díbhinn tosaíochta	<u>18,000</u>	[5]	<u>77,000</u>	
Glanbhrabús coinnithe don bhliain			21,000	
Brabús coinnithe 01/01/2015			<u>312,000</u>	[5]
Brabúis choinnithe tugtha ar aghaidh			<u>333,000</u>	[1]

(b)

[25]

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2015

Sócmhainní Seasta agus Sócmhainní Reatha			1,265,000	
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de 1 bhliain				
Ús dlite	18,000	[3]		
Cáin dlite	<u>54,000</u>	[3]	<u>72,000</u>	
			<u>1,193,000</u>	
Maoinithe ag:				
Caipiteal agus Cúlchistí	Údaraithe		Eisithe	
Scaireanna tosaíochta	500,000	[3]	300,000	[2]
Gnáthscaireanna	<u>800,000</u>	[3]	<u>450,000</u>	[2]
	<u>1,300,000</u>		750,000	[1]
Iarmhéid brabúis agus cailteanais 31/12/2015			333,000	[4]
Cúlchiste ginearálta			<u>110,000</u>	[4]
Cistí scairshealbhóirí			<u>1,193,000</u>	

4. Ráiteas Táblach

[60]

Sócmhainní	Ean. 3	Ean. 7	Ean. 12	Ean. 16	Ean. 19	Ean. 21	Ean. 23	Ean. 26	Iomláin
Foirgnimh	450,000 [2]							+170,000 [2]	620,000
Innealra	82,000 [2]								82,000
Stoc	32,000 [2]	14,200 [2]			(9,200) [2]				37,000
Féichiúnaithe	28,000 [2]				+8,200 [2]	(600) [2]			31,700
Banc	30,500 [1]		(3,500) [2]	(3,800) [2]		+180 [3]	(3,300) [3]	(15,000) [2]	8,780 [1]
Iomlán	622,500	+14,200	(3,500)	(3,800)	(1,000)	(420)	(3,300)	155,000	779,480
Dliteanais									
Caipiteal	590,000 [2]								590,000
Brabús/caillteanas	5000 [1]			+300 [1]	(1,000) [1]	(420) [1]			3,680
Tarraingtí							(3300) [2]		(3,300)
Creidiúnaithe	24,000 [3]	14,200 [2]		(4,100) [1]					34,100 [1]
Cíos	3,500 [3]		(3,500) [2]						-----
Maoiniú Trádstórais Teo.								+155,000 [2]	155,000
Iomlán	622,500	+14,200	(3,500)	(3,800)	(1,000)	(420)	(3,300)	155,000	779,480

5. Léirmhíniú ar Chuntais **[40]**

(a) (i) Ceannacháin **[10]**

680,000 – 300,000	380,000
Móide stoc deiridh	<u>58,000</u>
	438,000
Lúide stoc tosaigh	<u>(42,000)</u>
	<u>396,000</u>

(ii) % de Mharcáil suas ar chostas **[10]**

$$\frac{\text{Ollbhrabús}}{\text{Costas díolachán}} \times \frac{100}{1}$$
$$\frac{300,000}{380,000} \times \frac{100}{1} = 78.95\%$$

(iii) Corrlach an Bhrabúis Ghlain **[10]**

$$\frac{\text{Glanbhrabús}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1}$$
$$\frac{80,000}{680,000} \times \frac{100}{1} = 11.76\%$$

(iv) An tréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe **[10]**

$$\frac{\text{Féichiúnaithe}}{\text{Díolacháin chreidmheasa}} \times \frac{365}{1}$$
$$\frac{20,000}{680,000} \times \frac{365}{1} = 10.73 \text{ lá}$$

(b) (i) Dímheas:

Is é seo an cailteanas i luach sócmhainne seasta i rith na bliana mar gheall ar chaitheamh agus cuimilt nó mar gheall ar imeacht ama. Cinnfidh gnó gurb ionann €50,000 agus an % oiriúnach i gcomhair an mhuirir bhliantúil sa chlár comhardaithe thuas. **[10]**

(ii) Sócmhainní Inláimhsithe: Sócmhainní iad seo lena ngabhann luach réadach agus is féidir iad a fheiceáil. Tá sócmhainní seasta ag Mac Braoin Teo dar luach €450,000. **[10]**

(iii) Cistí na scairsealbhóirí: Tá an tsuim airgid ar le scairsealbhóirí na cuideachta í comhdhéanta de:

Scairchaipiteal eisithe	342,000
Brabús coimnithe	<u>80,000</u>
	<u>422,000</u>

[10]

(iv) Scairchaipiteal Údaraithe: Iomlán na scaireanna is féidir le Mac Braoin a eisiúint m.sh. €600,000 gnáthscair ar €1. **[10]**

(c) Cóimheas na Fíorthástála: **[10]**

$$(210,000 - 58,000) : 88,000 = 1.73 : 1$$

Léiríonn an cóimheas seo dúinn go bhfuil sócmhainní leachtacha €1.73 acu in aghaidh gach €1 atá le hóc acu. B'fhearr é seo ná an cóimheas molta 1 : 1.

(d) Toradh ar Chaipiteal in Úsáid: **[10]**

$$\frac{\text{Glanbhrabús} + \text{ús}}{\text{Caipiteal in úsáid}} \times \frac{100}{1} = \frac{80,000 + 9,000}{572,000} \times \frac{100}{1} = 15.56\%$$

Laghdaíodh an toradh ar chaipiteal in úsáid ó 18% in 2014 go dtí 15.56% in 2015. Sin laghdú 2.44%. Is toradh maith é sin go fóill, tá an gnó brabúsach agus ní bhfaighfeá ach toradh tímpeall 2/3% ó bhanc nó ó infheistíocht saor ó rioscaí.

6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

(a) Brabús Oibriúcháin a Réiteach leis an nGlansreabhadh Airgid Isteach ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin

[30]

	€	
Brabús oibriúcháin	140,000	[3]
Móide dímhéas	12,000	[6]
Méadú ar stoc	(4,000)	[6]
Laghdú ar fhéichiúnaithe	8,000	[6]
Méadú ar chreidiúnaithe	5,000	[6]
Glansreabhadh airgid isteach ó gníomhaíochtaí oibriúcháin	161,000	[3]

(b) Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Uí Chonghaile Teo. don bhliain dar chríoch 31/12/2015 [65]

	€	
Gníomhaíochtaí Oibriúcháin [2]		
Glansreabhadh airgid isteach ó gníomhaíochtaí oibriúcháin	161,000	[4]
Toradh ar Infheistíocht agus ar Fhónamh ar Airgeadas [2]		
Ús íoctha	(12,000)	[8]
Cáin [2]		
Cáin íoctha	(38,000)	[6]
Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais [2]		
Ceannach talún/foirgneamh	(150,000)	[6]
Díbhinn Chothromais íoctha [2]		
Díbhinní íoctha	(42,000)	[8]
Glan-insreabhadh airgid roimh acmhainní leachtacha agus maoiniú	(81,000)	
Maoiniú		
Eisiúint gnáth-scairchaipitil	40,000	[6]
Scairbhiseach	10,000	[6]
	50,000	
Bintiúir	30,000	[6]
	80,000	
Laghdú ar airgead	(1,000)	[5]

(c) An Glansreabhadh Airgid a réiteach leis an athrú ar na Glanfhiacha [5]

Laghdú ar airgead sa tréimhse	(1,000)	[1]
Bintiúir	(30,000)	[1]
Athrú ar na glanfhiacha	(31,000)	[1]
Glanfhiacha 01/01/2015	(143,000)	[1]
Glanfhiacha 31/12/2015	(174,000)	[1]

7. Cuntais Feirme

(a) (i) Cuntas Anailíse Fiontair – Ba

[40]

Ioncam		€		€	
	Íocaíocht aonair feirme			18,700	[2]
	Díolachán bainne			237,900	[2]
	Díolachán bó			23,000	[2]
	Tarraingtí bainne			<u>1,900</u>	[2]
				281,500	
	Stoc tosaigh	169,000	[1]		
	Ceannacháin	<u>154,000</u>	[2]		
		323,000			
	Stoc deiridh	<u>289,000</u>	[1]	<u>34,000</u>	
				247,500	
Lúide Caiteachas					
	Bia ainmhithe	30,700	[3]		
	Leasachán	11,340	[4]		
	Pá	45,990	[2]		
	Deisiúcháin	4,550	[2]		
	Tréidlianna	4,900	[2]	97,480	
				<u>150,020</u>	[2]

(ii) Cuntas Anailíse Fiontair– Grán

Ioncam		€		€	
	Íocaíocht aonair feirme			18,700	[2]
	Díolachán gráin			<u>56,300</u>	[2]
				75,000	
	Costais			<u>11,400</u>	[2]
				63,600	
Lúide Caiteachas					
	Leasachán	4,860	[1]		
	Pá	19,710	[2]		
	Deisiúcháin	1,950	[2]	26,520	
				<u>37,080</u>	[2]

(b)

[25]

Cuntas Ginearálta Brabúis agus Cailíteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2015

Ioncam		€		€	
	Cion tairbhe ó bhainne	150,020	[3]		
	Cion tairbhe ó ghrán	37,080	[3]	187,100	
Lúide Dlíteanais					
	BSL	9,700	[4]		
	Ús iasachta	22,000	[4]		
	Dímheas ar fhoirgnimh	9,500	[4]		
	Dímheas ar innealra	45,000	[4]	86,200	
Glanbhrabús				<u>100,900</u>	[3]

(c)

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2015

Sócmhainní Seasta		Costas		Dímheas		Glanluach de réir na Leabhar	
	Talamh	950,000				950,000	[3]
	Foirgnimh feirme	190,000	[2]	47,500	[2]	142,500	
	Innealra	<u>225,000</u>	[2]	<u>152,000</u>	[2]	<u>73,000</u>	
		<u>1,365,000</u>		<u>199,500</u>		1,165,500	
Sócmhainní Reatha							
	Stoc deiridh – ba	289,000	[3]				
	Stoc deiridh – leasachán	8,000	[3]				
	Stoc deiridh – beathú	<u>10,400</u>	[3]	307,400			
Dlíteanais Reatha							
	Banc	12,900	[3]				
	Ús dlite	<u>8,000</u>	[3]	<u>20,900</u>			
	Caipiteal oibre					<u>286,500</u>	
	Glanfhiúchas					<u>1,452,000</u>	
Maoinithe ag							
	Iasacht					220,000	[2]
	Caipiteal			1,160,000	[3]		
	Brabús feirme			<u>100,900</u>			
				1,260,900			
	Tarraingtí			<u>28,900</u>	[4]	<u>1,232,000</u>	
						<u>1,452,000</u>	

8. Costáil Imeachach **[80]**

(a) **Praghas Díola in aghaidh an aonaid** = $\frac{770,000}{55,000 \text{ aonad}}$ = €14 in aghaidh an aonaid **[12]**

(b) **Costas athraitheach in aghaidh an aonaid** = $\frac{467,500}{55,000 \text{ aonad}}$ = €8.50 in aghaidh an aonaid **[12]**

(c) **Cion Tairbhe in aghaidh an aonaid** = PD - CA = CT
€14 - €8.50 = €5.50 in aghaidh an aonaid **[10]**

(d) **Pointe meá ar mheá** = $\frac{\text{costais sheasta}}{\text{costas in aghaidh an aonaid}}$ = $\frac{137,500}{5.50}$ = 25,000 aonad

Luach díolachán = 25,000 aonad × €14 = €350,000 **[10]**

(e) **Lamháil Sábháilteachta** = díolacháin bhuiséadaithe – pointe meá ar mheá
35,000 – 25,000 = 10,000 aonad

Luach díolachán = 10,000 aonad × €14 = €140,000 **[15]**

(f) **Chun brabús €400,000 a bhaint amach** **[17]**

$$\frac{CS + SB}{5.50} = \frac{137,500 + 400,000}{5.50} = \frac{537,500}{5.50} = 97,728 \text{ aonad}$$

Luach díolachán = 97,728 aonad × €14 = €1,368,192

Mar mhalairt air sin

$$\begin{aligned} \text{Bíodh } N &= \text{líon na n-aonad} \\ \text{PD} - \text{CA} - \text{CS} &= \text{brabús} \\ 14N - 8.5N - 137,500 &= 400,000 \\ 5.5N &= 537,500 \\ N &= \frac{537,500}{5.50} = 97,728 \text{ aonad} \end{aligned}$$

Luach díolachán = 97,728 aonad × €14 = €1,368,192

(g) **Costas é costas athraitheach a athraíonn mar gheall ar líon na n-aonad a tháirgtear m.sh. pacáistiú, amhábhair, saothar.** **[4]**

9. Buiséadú Airgid

[80]

(a)

Buiséad Airgid cúig mhí Ean - Beal

[74]

Fáltais	Már.	Aib.	Beal.	Meith.	Iúil	Iomlán
Féichiúnaithe	62,000 [2]	74,000 [2]	54,300 [2]	91,100 [2]	78,200 [2]	359,600 [3]
Fáltais Iomlána	<u>62,000</u>	<u>74,000</u>	<u>54,300</u>	<u>91,100</u>	<u>78,200</u>	<u>359,600</u>
Íocaíochtaí						
Airgead i gcomhair ceannachán	55,000 [1]	38,100 [1]	72,300 [2]	23,200 [2]	24,300 [1]	212,900 [1]
Speansais	5,000 [2]	12,000 [2]	10,000 [2]	13,000 [2]	16,000 [2]	56,000 [2]
Trealamh				18,000 [2]		18,000 [2]
Cíos	<u>1,700 [1]</u>	<u>1,700 [1]</u>	<u>1,700 [1]</u>	<u>1,900 [1]</u>	<u>1,900 [1]</u>	<u>8,900 [2]</u>
Íocaíochtaí Iomlána	<u>61,700</u>	<u>51,800</u>	<u>84,000</u>	<u>56,100</u>	<u>42,200</u>	<u>295,800</u>
Glanmhéid Airgid	300 [2]	22,200 [2]	(29,700) [2]	35,000 [2]	36,000 [2]	63,800 [2]
Airgead Tosaigh	35,000 [2]	35,300 [1]	57,500 [1]	27,800 [1]	62,800 [1]	35,000 [3]
Airgead Deiridh	<u>35,300 [1]</u>	<u>57,500 [1]</u>	<u>27,800 [1]</u>	<u>62,800 [1]</u>	<u>98,800 [2]</u>	<u>98,800 [3]</u>

(b) Taispeánfaidh an Buiséad Airgid gach insreabhadh/eis-sreabhadh don sreabhadh airgid i rith na tréimhse agus an barrachas/easnamh ag deireadh gach míosa do Sheán.

Léireoidh sé dó cén uair a bheadh rótharraingt bhainc ag teastáil.

[6]



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

Tábla 400 @ 5%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 306	14
307 - 313	13
314 - 320	12
321 - 326	11
327 - 333	10
334 - 340	9
341 - 346	8
347 - 353	7

Bunmharc	Marc Bónais
354 - 360	6
361 - 366	5
367 - 373	4
374 - 380	3
381 - 386	2
387 - 393	1
394 - 400	0

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

